Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10679/24**

**PECHE 218**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 235 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 235 final.

Faoi iamh: COM(2024) 235 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2024
COM(2024) 235 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025**

{SWD(2024) 139 final}

GA GA

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025**

## 1. RÉAMHRÁ

Leis an Teachtaireacht seo, soláthraítear faisnéis maidir le stádas iascach na hEorpa ar a ndearnadh faireachán in 2023. Soláthraítear leis treoshuíomhanna freisin le haghaidh tograí ón gCoimisiún agus na comhairliúcháin le tríú tíortha maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2025. Is é an aidhm atá ann feabhas a chur ar athléimneacht iascairí, borradh a chur faoi athbhunú stoc éisc i dtreo na leibhéal uastáirgeachta inbhuanaithe, agus stoic shláintiúla a choinneáil ar bun ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe.

**Is lú i bhfad na stoic éisc a bhfuil ró-iascaireacht á déanamh orthu anois i gcomparáid le 2003. Tá gnóthachain shocheacnamaíocha le feiceáil ag iascairí ó na stoic atá á mbainistiú ar leibhéil níos sláintiúla le tamall anuas.** Tá an fuinneamh fós ar cheann de na príomhchostais i gcabhlach iascaireachta an Aontais le linn 2023-2024 d’ainneoin an laghdaithe ar phraghsanna breosla a leanann de bheith ag baint an bhoinn de na gnóthachain a rinneadh. Dá bhrí sin, tá na gníomhaíochtaí leanúnacha[1] atá beartaithe ag an gCoimisiún chun tacú le haistriú fuinnimh earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe ríthábhachtach chun a hathléimneacht shocheacnamaíoch a neartú trí thacú leis an earnáil a spleáchas ar úsáid breoslaí iontaise a laghdú.

Leagadh amach i **bpacáiste an Iascaigh agus na nAigéan**[2] na príomhdhúshláin a bhaineann le hiascach agus dobharshaothrú an Aontais, na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun dul i ngleic leo, agus na riachtanais chun athléimneacht iascach an Aontais a fheabhsú agus rinneadh dian-idirphlé leis na páirtithe leasmhara agus fuarthas ionchur uathu ina dhiaidh sin. Tá sé in am anois breathnú níos faide ná na dúshláin agus na riachtanais láithreacha sin agus dearcadh níos leithne a ghlacadh, chun measúnú a dhéanamh ar an staid laistigh d’iascach agus dobharshaothrú an Aontais ar bhonn na fianaise atá ar fáil, agus ar thuairimí na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara. Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas maidir leis an bpacáiste agus ar na bacainní a shainaithin páirtithe leasmhara éagsúla maidir le haistriú rianúil chuig éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil agus maidir le cur chun feidhme rathúil eilimintí uile CBI, tá meastóireacht iomlán ar an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (‘Rialachán CBI’) á seoladh ag an gCoimisiún.[3]

[1] COM(2023) 100 final
[2] COM(2023) 100 final; COM(2023) 101 final; COM(2023) 102 final; COM(2023) 103 final.
[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle.

Breathnófar siar sa mheastóireacht seo ar 10 mbliana (2014-2024) de chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an gComhbheartas Iascaigh. Breathnófar sa mheastóireacht ar fhorbairtí i mbeartais iascaigh, dobharshaothraithe, chomhshaoil, trádála, mhéadaithe, sláinte, leasa ainmhithe agus taighde, ar na forbairtí polaitíochta is déanaí, ar an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú agus ar na tionchair ar bheartas iascaigh an Aontais. Cumhdófar sa mheastóireacht freisin dinimic athmhúnlúcháin an chaidrimh iascaireachta sa ghné sheachtrach den chomhbheartas iascaigh (CBI), lena n-áirítear tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus an caidreamh leis na stáit chósta san Atlantach Thoir Thuaidh agus an caidreamh eatarthu. Tá sé sin ríthábhachtach chun léargas cuimsitheach a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis an Rialachán agus leis na hionstraimí agus chun an bealach a réiteach do na blianta amach romhainn.

## 2. Dul chun cinn maidir le hiascaireacht inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas Eorpach

Déantar iascaireacht inbhuanaithe ar stoc ag an uastáirgeacht inbhuanaithe nuair atá an cóimheas idir an ráta básmhaireachta iascaigh iarbhír (F) agus an ráta básmhaireachta iascaigh ag an uastáirgeacht inbhuanaithe ($F_{MSY}$) faoi bhun nó cothrom le 1[4]. A bhuí leis an ngníomhaíocht a rinne iascairí agus riaracháin náisiúnta agus leis an ngealltanas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an t-iascach a bhainistiú ar bhealach freagrach, tá an iascaireacht níos inbhuanaithe agus is lú i bhfad na stoic a bhfuil ró-iascaireacht á déanamh orthu san Aontas anois.

Cuireann misean an Aontais ‘Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú’[5] faoi 2030, le raon leathan réiteach chun éiceachórais mhuirí agus fionnuisce agus a mbithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú, chun dul i ngleic le truailliú agus chun tacú le hiascaireacht inbhuanaithe. Dá bhrí sin, cuireann sé freisin le plean gníomhaíochta muirí an Aontais a chur chun feidhme[6].

Gach bliain, déanann an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) an fhaisnéis atá ar fáil maidir le leibhéil na stoc éisc a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise chuspóirí an chomhbheartais iascaigh. In 2003, bhí an mheánbhásmhaireacht iascaireachta san Atlantach Thoir Thuaidh[7] 53 % **os cionn** sprioc $F_{MSY}$. Léirítear sa mheasúnú is déanaí go bhfuil an ráta básmhaireachta tite de réir a chéile go 42 % **faoi bhun** $F_{MSY}$ in 2022. Laistigh den mheánfhigiúr seo tá éagsúlachtaí leathana ann. Déantar iascaireacht fós ar 25 stoc os cionn $F_{MSY}$ agus déantar iascaireacht ar 58 stoc laistigh den luach sin. Tá rátaí básmhaireachta iascaireachta tar éis titim go géar i ngach limistéar, agus shroich siad na leibhéil is ísle i **mBá na Bioscáine** agus **i limistéir chósta na hIbéire** agus i gcás **stoic a dháiltear go forleathan** (e.g. ronnaigh, faoitíní gorma, bolmáin agus scadáin). Sa Mhuir Thuaidh, tá an meánráta básmhaireachta fós níos airde ná i limistéir eile.

4 Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar $F_{MSY}$ agus ar staid bhithmhaise na stoc éisc i ngach imchuach farraige, féach Roinn 1 den doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

5 https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/restore-our-ocean-and-waters_ga

6 COM(2023) 102 final

7 Sa roinn seo, tagraíonn ‘an tAtlantach Thoir Thuaidh’ do stoic i limistéar 27 den Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO).

Sa **Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh,** shroich $F/F_{MSY}$ airmheánach an buaicphointe amach ag 1.90 in 2007, chothromaigh sé ag 1.87 idir 2008-2011 agus tá laghdú tagtha air ó shin. Le 3 bliana anuas, thit $F/F_{MSY}$ ó 1.59 go 1.20 in 2022 agus an leibhéal is ísle á bhaint amach aige ó 2003. Tá an treocht sin comhsheasmhach sna fo-réigiúin uile. Mar sin féin, tá an brú iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh fós 20 % os cionn an leibhéil airmheánaigh a mheastar a bheith inbhuanaithe.

Ar an meán, tá stoic san Atlantach Thoir Thuaidh anois laistigh den raon atá comhsheasmhach le cuspóirí an bheartais maidir le ráta básmhaireachta iascaireachta. Cé go ndearnadh dul chun cinn maith in 2023 maidir le hinbhuanaitheacht a bhaint amach, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, go háirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh.

Tá staidéar gníomhach á dhéanamh ag an bpobal eolaíochta ar a mhéid a d'fhéadfadh tosca seachas iascach amhail téamh na n-aigéan, aigéadú, truailliú agus dí-ocsaiginiú na bhfarraigí táirgiúlacht iascaigh a laghdú, cé go bhfuil bearnaí eolais fós ann. Is é an rud atá ar eolas go cinnte, chomh maith le hathruithe dáilte speiceas de bharr na haeráide[8], go bhfuil athrú tagtha ar speicis phlanctónacha agus ar uainiú agus ar mhéid na mblás planctóin[9]. Rinneadh laghduithe móra freisin ar fhlúirse planctóin[10] sa tréimhse 2015-2019 agus ar ionchuir chothaitheacha ón talamh[11]. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na hathruithe sin ar tháirgiúlacht stoic éisc.

Sa Mheánmhuir, meastar go bhfuil na limistéir láir agus thoir níos mó i gcontúirt maidir leis an athrú aeráide mar gheall ar bhrú méadaithe ó speicis ionracha de bhunadh trópaiceach (amhail imircigh Lessepseacha agus speicis eile), teochtaí uisce níos airde agus níos lú cúrsaíocht aigéin, rud a fhágann leibhéil níos ísle ocsaigine tuaslagtha.

### 2.1. Deiseanna iascaireachta in 2024

Is ionstraim thábhachtach iad deiseanna iascaireachta ó thaobh bainistiú iascaigh inbhuanaithe de. San Atlantach, i Muir Bhailt agus in Skagerrak/Kattegat, leagtar deiseanna iascaireachta amach go príomha mar theorainneacha gabhála ar a dtugtar gabhálacha iomlána incheadaithe freisin (TACanna).

Tá **difríocht mhór idir staid an chomhshaoil i Muir Bhailt agus ina haibhneacha** agus staid imchuacha farraige eile, agus tá tionchar ag an staid sin i gcónaí ar stoic éisc agus ar a bhforbairt. Tá **brúnna iomadúla** ar Mhuir Bhailt sa lá atá inniu ann, as ar eascair meath ar an mbithéagsúlacht[12]. Airítear ar na brúnna sin eotrófú ó ionchuir chothaitheacha agus leibhéil

---

[8] An t-athrú aeráide agus an comhbheartas iascaigh – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[9] Is iad ainmhithe agus algaí micreascópacha síobtha bun na bia-eangaí peiligí agus is foinse dhíreach nó indíreach bia iad d'éisc, do shliogéisc agus d'éanlaith mhara. https://oap.ospar.org/en/ospar-assessments/quality-status-reports/qsr-2023/indicator-assessments/changes-plankton-biomass-abundance/

[10] https://oap.ospar.org/en/ospar-assessments/quality-status-reports/qsr-2023/indicator-assessments/changes-plankton-biomass-abundance/

[11] https://oap.ospar.org/en/ospar-assessments/quality-status-reports/qsr-2023/indicator-assessments/changes-plankton-biomass-abundance/

[12] Tuarascáil HELCOM maidir le stádas cáilíochta 2023 (HOLAS 3): https://helcom.fi/wp-content/uploads/2023/10/State-of-the-Baltic-Sea-2023.pdf

arda leanúnacha d'éilleáin. Is mainneachtain maidir le reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme is cúis leis sin go páirteach[13]. Réiteach amháin bunaithe ar an dúlra a bhfuil iniúchadh á dhéanamh air faoi láthair is ea diúilicíní a úsáid, ar féidir leis eotrófú a aisiompú go tapa, 'criosanna marbha' dí-ocsaiginithe a athbhunú agus carbón a leithlisiú chomh héifeachtach agus a dhéanfadh foraoisí ar talamh. Sa bhreis ar na brúnna seachtracha sin, d'fhéadfadh ról suntasach a bheith ag easnaimh i gcur chun feidhme rialacha an Aontais maidir le meá agus clárú gabhálacha i meath stoic éisc Mhuir Bhailt.

Ní dhírítear a thuilleadh ar cheithre iascach as gach deich gcinn (an scadán thiar, an dá stoc troisc agus an bradán sa phríomh-imchuach) i Muir Bhailt agus ní fhéadfar iad a thabhairt i dtír ach mar fhoghabháil amháin. I measc an spiociascaigh atá fágtha, tá an stoc peiligeach eile (an salán agus an scadán i Muir Bhailt Láir, i Murascaill na Boitnia agus i Murascaill Ríge) agus an leathóg, ag a bhfuil teorainneacha gabhála a socraíodh i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, agus an bradán i Murascaill na Boitnia agus i Murascaill na Fionlainne, ag a bhfuil teorainneacha gabhála a socraíodh i gcomhréir le cur chuige an réamhchúraim.

Le plean ilbhliantúil Mhuir Bhailt,[14] cuirtear go leor uirlisí ar fáil chun cuidiú le hathbhunú na stoc éisc anásta, lena n-áirítear spriociascach a chur ar fionraí, TACanna a shocrú faoi bhun na n-uasleibhéal a mholtar, dúnadh le linn tréimhsí sceite agus iascaireacht áineasa a theorannú. Ach mura ndéanfaidh na Ballstáit reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go hiomlán,, ní athbhunófar na stoic éisc. Tugadh gealltanas sa Dearbhú Aireachta 'Ár Muir Bhailt 2020' go gcuirfí dlí an Aontais chun feidhme ina iomláine; tá sé ríthábhachtach anois déanamh amhlaidh[15]. Tionóladh an 2ú heagrán de 'Ár Muir Bhailt' an 29 Meán Fómhair 2023, lena n-áirítear tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis na gealltanais a rinneadh in 2020[16].

Tá sé ríthábhachtach tús a chur le hionchur ón bpobal eolaíochta chun dul i ngleic leis na héifeachtaí a bhaineann le truailliú, le heotrófú agus leis an athrú aeráide maidir leis na héiceachórais mhuirí, an t-iascach agus an dobharshaothrú. Leis an eolaíocht, cuirtear ar a gcumas do lucht ceaptha beartas cinntí eolasacha a dhéanamh agus an **cur chuige bunaithe ar éiceachórais i leith bainistiú iascaigh agus dobharshaothraithe** a chur chun feidhme go hiomlán, ar cur chuige é atá ar cheann de phríomhphrionsabail an chomhbheartais iascaigh agus atá ar an mbealach is fearr chun a chuspóirí a bhaint amach.

Tá brúnna níos ísle ar stoic éisc agus dálaí comhshaoil éagsúla ag uiscí an Aontais san **Atlantach agus in Skagerrak/Kattegat.** Sna himchuacha farraige sin, bhainistigh an tAontas

[13] Go háirithe an Treoir maidir le Níotráití, an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, an Treoir Réime maidir le hUisce, na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin, an Treoir Réime Dramhaíola, an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí, an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide, an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, an beartas muirí comhtháite agus an comhbheartas talmhaíochta.

[14] Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1).

[15] https://commission.europa.eu/system/files/2020-09/ministerial_declaration_our_baltic_conference.pdf

[16] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/2e76afa1-5695-11ee-9220-01aa75ed71a1

na 29 stoc éisc ar bhealach inbhuanaithe, rud a thug torthaí dearfacha iomadúla le TACanna níos airde le haghaidh cúig cinn in 2024. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag iascairí i mBá na Bioscáine stoic éisc a bhainistiú go maith, rud a fhágann go ndéantar iascach a bhainistiú i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ar feadh roinnt blianta mar a léirítear i dtuarascáil CETEI 2022. Mar sin féin, d'ainneoin a n-iarrachtaí, tháinig laghdú mór ar dheiseanna iascaireachta sa limistéar sin le haghaidh 2024 mar gheall ar an oibleagáid dhlíthiúil fanacht ar leibhéil na huastáirgeachta inbhuanaithe.

Comhroinntear an chuid is mó de stoic an Aontais le **Stáit chósta san Atlantach Thoir Thuaidh** anois. I gcás breis agus 85 TAC a **chomhroinntear leis an Ríocht Aontaithe,** chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe TACanna le haghaidh 2024 bunaithe ar an gcomhairle eolaíochta is fearr, laistigh den sprioc-am a leagtar síos leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.[17] Socraíodh formhór na TACanna i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe i gcás ina raibh comhairle ar fáil ina leith. Bhí 10 stoc ann a fuair comhairle maidir le gabhálacha nialasacha le haghaidh 2024 ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES). I gcás naoi gcinn de na stoic sin, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe TACanna foghabhála ísle a shocrú le haghaidh 2024 chun cásanna tachta in iascach measctha a chosc, i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais. I gcás stoc amháin, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe TAC faireacháin eolaíochta a shocrú le haghaidh 2024, tar éis comhairle a fháil ó ICES maidir leis an TAC.[18]

Bhí sé ríthábhachtach feabhas a chur ar bhainistiú na stoc comhroinnte a chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoi chuimsiú an Choiste Speisialaithe um Iascach, go háirithe na limistéir bhainistíochta a ailíniú leis na haonaid mheasúnaithe a úsáideann ICES, chun feabhas a chur ar bhainistiú inbhuanaithe na stoc roinnte agus chun teacht ar chomhaontú pras sásúil.[19]

Léiríonn formhór na stoc a chomhroinntear idir an **tAontas, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe** sa Mhuir Thuaidh treocht dhearfach. Le haghaidh 2024, chomhaontaigh an tAontas, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe TACanna a shocrú le haghaidh na stoc sin i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. Áirítear sa chomhaontú maidir le TACanna méadú ar an trosc, a socraíodh faoi bhun na comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ar chúiseanna réamhchúraim. Socraíodh TACanna le haghaidh dhá stoc eile faoi bhun luach phointe na huastáirgeachta inbhuanaithe chun freastal ar a n-idirghníomhaíocht leis an trosc in iascach measctha. Socraíodh TACanna scadán na Mara Thuaidh i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíochta, agus chomhaontaigh na páirtithe leanúint de theorainn a chur le gabhálacha in Skagerrak-Kattegat chun an tionchar ar stoc

[17] Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

[18] Taifead i Scríbhinn ar na comhairliúcháin iascaigh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach le haghaidh 2024: https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/system/files/2023-12/2024-eu-uk-fisheries-consultations_en.pdf.

[19] Le haghaidh mhiontuairiscí chruinnithe an Choiste Speisialaithe um Iascach, féach: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/relations-non-eu-countries/relations-united-kingdom/eu-uk-trade-and-cooperation-agreement/meetings-eu-uk-partnership-council-and-specialised-committees-under-trade-and-cooperation-agreement/specialised-committee-fisheries_en.

ídithe scadán Mhuir Bhailt Thiar a mhaolú. Socraíodh TACanna le haghaidh an dá **stoc a ndearnadh measúnú orthu agus a bhainistítear go déthaobhach leis an Iorua** in Skagerrak-Kattegat i gcomhréir leis an gcomhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe nó leis an gcomhairle réamhchúraim[20].

Maidir leis an ronnach, an faoitín gorm agus scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann, stoic a **dháiltear go forleathan** ar fud an Atlantaigh Thoir Thuaidh[21], chomhaontaigh na Stáit chósta[22] TACanna foriomlána a shocrú le haghaidh 2024 ar leibhéal na huastáirgeachta inbhuanaithe. Mar sin féin, in éagmais socruithe comhroinnte agus mar gheall ar ghníomhaíochtaí aontaobhacha ó roinnt páirtithe lena n-áirítear aistrithe idirbhliantúla iomarcacha, sáraíonn suim na gcuótaí ó Stáit chósta agus ó pháirtithe iascaireachta fós na TACanna foriomlána a comhaontaíodh. Baineann sé sin an bonn a thuilleadh d'inbhuanaitheacht na stoc sin, cuireann sé bac ar an dul chun cinn atá déanta maidir le comhaontuithe na Stát cósta a bhaint amach, agus ar bhonn níos ginearálta tá brú ar an gcomhar sna fóraim sin. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do thoradh inbhuanaithe a bhaint amach ar an bplé maidir le scadán. Leanann sé de pháirt ghníomhach a ghlacadh i bpléití le Stáit chósta agus le páirtithe iascaireachta eile agus é d'aidhm aige socruithe cuimsitheacha comhroinnte nua a thabhairt i gcrích chun na stoic sin a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

Tá iascach ilspeiceas le fáil sa **Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh** agus comhroinntear roinnt mhaith stoc le tríú tíortha. Tá an ráta básmhaireachta iascaireachta tar éis dul i dtreo leibhéal inbhuanaithe le haghaidh stoic áirithe. In 2021, shroich 26 stoc $F_{MSY}$ nó leibhéil níos ísle, ach tá iascaireacht fós á déanamh os cionn leibhéil inbhuanaithe ar 38 stoc. Ní mór leanúint den ghníomhaíocht chun an iascaireacht a laghdú agus an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór do stáit plean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar [23] agus Straitéis 2030 an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM)[24]a chur i bhfeidhm. Le haghaidh 2024, tá na deiseanna iascaireachta i gcomhréir le tacar suntasach beart a glacadh i rialachán 2023 maidir le deiseanna iascaireachta chun plean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar a chur chun feidhme.

I gcéim idirthréimhseach phlean ilbhliantúil na **Meánmhara Thiar,** agus chun an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2025, glactar **cur chuige comhtháite** leis na

20 Taifead ar thabhairt i gcrích an chomhairliúcháin iascaigh idir an Iorua agus an tAontas Eorpach maidir le rialáil na n-iascach in Skagerrak agus Kattegat le haghaidh 2024: https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/document/download/675ccb20-4b1c-456e-b13c-8e7b853002e3_en?filename=2023-12-08-EU-NO-Skagerrak-Agreed-Record-2024.pdf.

21 https://www.ices.dk/community/groups/pages/wgwide.aspx, Déanann an Mheitheal um Stoic a Dháiltear go Forleathan sonraí a thiomsú agus a anailísiú maidir le stoic mhóra speiceas peiligeach, chomh maith le speicis eile a dháiltear go forleathan agus speicis mhórimirceacha.

22 Is iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Íoslainn, Oileáin Fharó, an Ghraonlainn, agus Cónaidhm na Rúise na stáit chósta san Atlantach Thoir Thuaidh a bhainistíonn na stoic sin.

23 Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1).

24 Straitéis 2030 CGIM le haghaidh iascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. https://www.fao.org/documents/card/en/c/cb7562en.

deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024[25]. Leis an gcur chuige sin, cuirtear le huirlisí bainistíochta agus forbraítear an sásra cúitimh lena spreagtar stáit trealamh níos roghnaithí a úsáid agus limistéir a dhúnadh don iascaireacht. Moltar do na Ballstáit leanúint den sásra sin a úsáid. Ina theannta sin, shocraigh an Chomhairle uasteorainneacha gabhála le haghaidh 2024 maidir leis na séaclaí domhainmhara is mó a ndéantar ró-iascaireacht orthu agus choinnigh sí ar bun na huasteorainneacha maidir le hiascaireacht le báid spiléireachta.

Glacadh cinntí móra mar thoradh ar an dianobair a rinneadh faoi **CGIM**, obair a fuair tacaíocht ó sheasamh comhsheasmhach an Aontais in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna). Thar aon ní eile, is ann do dhá phlean bainistíochta ilbhliantúla dá thoradh agus glacadh uasteorainneacha gabhála le haghaidh an doráid choitinn sa Mheánmhuir, agus rinneadh comhdhlúthú ar bhearta bainistíochta le haghaidh na heascainne Eorpaí sa Mheánmhuir i ngach gnáthóg lena n-áirítear fionnuiscí agus rinneadh bearta breise chun básmhaireacht iascaireachta na heascainne gloine a laghdú.

Lean CGIM freisin den dá phlean bainistíochta fhadtéarmacha i Muir Aidriad a chur chun feidhme chun ardtáirgeacht fhadtéarmach a sholáthar a bheidh comhsheasmhach leis an uastáirgeacht inbhuanaithe. Chun go leanfar de phlean ilbhliantúil na speiceas peiligeach beag a chur chun feidhme, shocraigh CGIM teorainneacha gabhála níos ísle le haghaidh 2024 i gcás ainseabhaithe agus sairdíní, agus reo acmhainneachta le haghaidh trálaeir pheiligeacha agus soithí peas-saighne. Maidir le plean ilbhliantúil na stoc grinnill i Muir Aidriad, shocraigh CGIM uasteorainn iarrachta iascaireachta le haghaidh trálaeir ghrinnill agus trálaeir bhíoma araon, chun an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach in 2026 i gcás na cúig phríomhstoc uile (an colmóir Eorpach, gliomach na hIorua, an sól coiteann, an rós-séacla domhainmhara agus an milléad dearg). Glacadh teorainneacha gabhála níos ísle faoi na ceithre phlean ilbhliantúla lena mbainistítear an séacla domhainmhara sa Mhuir Iónach, i Muir na Leiveainte agus i gCaolas na Sicile (lena n-áirítear bainistiú iarrachta le haghaidh an cholmóra). Ghlac CGIM teorainneacha saothraithe i ndáil leis an gcoiréalach dearg. Maidir leis an Muir Dhubh, socraíodh TAC le haghaidh an turbaird faoi phlean CGIM, agus socraíodh cuóta uathrialach de chuid an Aontais le haghaidh an tsaláin.

Tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir le bearta le haghaidh na h**eascainne Eorpaí[26] in uiscí muirí agus in uiscí goirte cóngaracha san Atlantach Thoir Thuaidh (lena n-áirítear Muir Bhailt),** lena leantar leis an tréimhse choiscthe sé mhí. Chomhaontaigh sé freisin tréimhse choiscthe a bheith ann i gcomhthráth le himirce na n-eascann óg agus chun eascanna aibí atá ag snámh idir an fharraige agus na haibhneacha a chosaint. Beidh na bearta sin faoi réir faireachán méadaithe in 2024. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na mbeart sa dearbhú comhpháirteach[27] maidir le

25 Rialachán (AE) 2024/259 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2024/259, 11.1.2024).

26 Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/257.

27 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-5374-2023-ADD-1-REV-1/ga/pdf

hathbhunú na heascainne Eorpaí a neartú, arna shíniú ag an gCoimisiún agus ag roinnt Ballstát[28].

## 3. STAID CHABHLACH AN AONTAIS

Ní mór do na Ballstáit cabhlaigh a choinneáil faoi na huasteorainneacha náisiúnta a socraíodh le haghaidh toilleadh soithigh (maidir le holltonnáiste (GT) agus cumhacht innill (kW)). Ní mór do na Ballstáit a bhfuil ranna cabhlaigh acu a bhfuil éagothroime léirithe acu pleananna gníomhaíochta a chur i láthair lena leagtar síos spriocanna agus uirlisí coigeartaithe chun cothromaíocht a bhaint amach le hamchlár soiléir don chur chun feidhme. Aon acmhainneacht a tharraingítear siar le cabhair phoiblí, ní fhéadfar í a ionadú[29].

Ó bhí 2022 ann, tháinig laghdú 0.44 %, 0.52 % agus 0.10 % ar an líon soithí, ar olltonnáiste agus ar chumhacht innill faoi seach. Mar thoradh air sin, faoin 31 Nollaig 2023, bhí 71 608 soitheach d'olltonnáiste 1 305 115 agus 5 226 554 kW i gcabhlach iascaireachta an Aontais[30].

Chuir na Ballstáit in iúl ina dtuarascálacha in 2023 go bhfuil a gcabhlaigh faoi bhun na n-uasteorainneacha agus go gcomhlíonann siad na ceanglais faoi Airteagal 22 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh. Mar sin féin, tá imní fós ann maidir le cruinneas agus iontaofacht na sonraí is bonn leis na tuarascálacha náisiúnta agus cruinneas phleananna gníomhaíochta na mBallstát. Ní mheasann roinnt Ballstát gur gá pleananna gníomhaíochta a chur isteach d'ainneoin go léirítear sna ranna cabhlaigh a bhfuil táscairí 'dearga'[31] acu nach bhfuil na ranna sin cothrom.

Úsáidtear paraiméadair éagsúla chun a mheas an bhfuil cabhlach cothrom. Mar shampla, d'fhéadfadh ranna cabhlaigh neamhbhrabúsacha nó tearcúsáidte a léiriú go bhfuil na ranna cabhlaigh ceangailte suas agus neamhghníomhach arís agus arís eile nó go buan. Ar an gcaoi chéanna, má chaitheann go leor soithí níos lú ama ag iascaireacht ná mar a d'fhéadfaidís, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh an roinn cabhlaigh rómhór le haghaidh na n-acmhainní atá ar fáil ar a mbraitheann na soithí.

Tá easpa sonraí fós i roinnt deighleog chun measúnú iomlán a dhéanamh ar a gcothromaíocht. Iarrtar ar na Ballstáit a n-iarrachtaí bailithe sonraí a mhéadú, go háirithe i limistéir ina bhfuil an fhaisnéis teoranta, amhail na réigiúin is forimeallaí. Chuige sin, tá an Coimisiún ag obair ar threoirlínte speisialta a ghlacadh chun measúnú a dhéanamh ar chothromaíocht ranna cabhlaigh áirithe sna réigiúin is forimeallaí lena dtugtar isteach modhanna malartacha a bheidh le cur i bhfeidhm chun táscairí áirithe a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar

[28] An Ostair, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic.

[29] Airteagal 22 den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh - Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle

[30] Lena n-áirítear iascaireacht an chabhlaigh sna réigiúin is forimeallaí.

[31] Léirítear le táscairí 'dearga' ranna cabhlaigh nach bhfuil cothrom leis na deiseanna iascaireachta. Léirítear le táscaire 'glas' roinn cabhlaigh atá cothrom leis na deiseanna iascaireachta.

chothromaíocht a ullmhú. I dTeachtaireacht 2023 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[32], d’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit trédhearcacht agus solúbthacht bhainistiú a n-acmhainneachta iascaireachta a mhéadú, agus athdháileadh na hacmhainneachta neamhúsáidte a mheas le haghaidh infheistíocht struchtúrach ar bord. I gcás na ranna cabhlaigh sin nach bhfuil cothrom le chéile, ullmhóidh na Ballstáit pleananna gníomhaíochta nua nó pleananna gníomhaíochta atá cothrom le dáta mar chuid dá dtuarascálacha cabhlaigh náisiúnta.

## 4. FEIDHMÍOCHT SHOCHEACNAMAÍOCH

Tar éis do phraghsanna breosla an bhuaic a bhaint amach ag EUR 1.2 in aghaidh an lítir in 2022, tháinig laghdú ar phraghsanna de réir a chéile go EUR 0.8-0.9 in aghaidh an lítir sa chéad ráithe de 2024. Agus na praghsanna mar atá faoi láthair, meastar gur féidir le cabhlach iascaireachta an Aontais oll-bhreisluach dar luach thart ar EUR 2.5 billiún a tháirgeadh, a gcostais oibriúcháin a chumhdach agus poist agus tuarastail a choinneáil ar bun do thart ar 122 000 iascaire. Is feabhas mór é sin i gcomparáid le 2022 nuair nach raibh an chuid is mó de chabhlaigh iascaireachta an Aontais in ann a gcostais oibriúcháin a chumhdach.

Cé go bhfuil coinne leis go mbeidh formhór na gcabhlach náisiúnta brabúsach ar an iomlán in 2024, léirítear in anailís shocheacnamaíoch go mbeidh dálaí dúshlánacha roimh roinnt ranna cabhlaigh, go háirithe iad siúd a bhraitheann ar stoic a ndéantar ró-iascaireacht orthu agus a úsáideann trealamh iascaireachta dianfhuinnimh. Os a choinne sin, maidir leis na ranna cabhlaigh a bhraitheann ar stoic a shaothraítear go hinbhuanaithe agus a mhéadaigh a n-éifeachtúlacht fuinnimh, is gnách go bhfeidhmíonn siad níos fearr agus go ngineann siad tuarastail níos airde dá gcriúnna. Léiríonn sé sin na gnóthachain shocheacnamaíocha thábhachtacha a rinne cabhlaigh iascaireachta an Aontais maidir le caomhnú stoc agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna breosla, tá an fuinneamh fós ar cheann de na príomhchostais do chabhlach iascaireachta an Aontais in 2024. Is ann don leochaileacht sin mar gheall go bhfuil ardleibhéal déine fuinnimh agus ardleibhéal spleáchais ar bhreoslaí iontaise ag go leor cabhlach. Chuige sin, mhol an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí sa Teachtaireacht maidir le hAistriú Fuinnimh iascach agus dhobharshaothrú an Aontais[33] chun cabhrú le cabhlaigh iascaireachta an Aontais dlús a chur lena n-aistriú fuinnimh agus cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí an Chomhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh a bhunú in iascach agus dobharshaothrú an Aontais[34], agus treoir a eisiúint do na páirtithe leasmhara agus do na Ballstáit maidir leis an mbealach is fearr chun an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) agus cistí eile de chuid an Aontais atá ann cheana a úsáid chun tacú leis an aistriú fuinnimh.

---

32 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, An Comhbheartas Iascaigh inniu agus amárach: Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan i dtreo bainistiú iascaigh atá inbhuanaithe, eolaíochtbhunaithe, nuálach agus cuimsitheach, COM/2023/103 final.

33 COM(2023) 100 final (eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52023DC0100)

34 An Chomhpháirtíocht um Aistriú Fuinnimh – An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

## 5. AN OIBLEAGÁID GABHÁLACHA A THABHAIRT I DTÍR

Tá an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ar cheann de phríomhghnéithe an Chomhbheartais Iascaigh. Is é is cuspóir di a áirithiú go ndéanfar acmhainní bitheolaíocha na mara a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe, agus é d'aidhm aige sin iascaireacht roghnaíoch a mhéadú, ionas nach ngabhfar gabhálacha de thaisme ar an gcéad dul síos agus go gcuirfear deireadh le hábhar muirí aischurtha.

Mar sin féin, úsáideann na Ballstáit teicnící faireacháin traidisiúnta den chuid is mó, amhail cigireachtaí ar muir, cigireachtaí ar thabhairt i dtír agus faireachas aeir. Ní leor na huirlisí sin amháin chun dul i ngleic le hábhar muirí aischurtha neamhdhleathach a gabhadh le linn iascaireachta ar muir[35] agus, go deimhin, tá tásca ann maidir le hábhar muirí aischurtha neamhdhleathach agus neamhdhoiciméadaithe.

An 22 Samhain 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialacha rialaithe nua de chuid an Aontais, agus rannchuideoidh siad sin le faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír.[36] Áirítear orthu sin oibleagáid ar shoithí níos mó, a bhfuil ardriosca ag baint leo nach gcomhlíonfar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, chun córais cianfhaireacháin leictreonaigh a shuiteáil ar bord, lena n-áirítear ceamaraí teilifíse ciorcaid iata, faoin 10 Eanáir 2028 ar a dhéanaí. Mar sin féin, leis na rialacha nua níl úsáid ceamaraí ar bord soithí atá níos lú ná 18 méadar ar fhad foriomlán éigeantach. Is gá, dá bhrí sin, iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a rialófar na soithí sin agus ar an gcaoi a n-áiritheofar comhlíonadh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás an iliomad soithí i gcabhlach an Aontais atá faoi bhun 18 méadar agus iad siúd a mheastar a bheith faoi bhun 'ardriosca'.

Tá sé ríthábhachtach gabhálacha a thaifeadadh go cruinn le haghaidh measúnuithe stoic toisc go n-úsáideann na heolaithe na sonraí a thuairiscítear i logleabhair agus a bhailítear faoin gCreat um Bailiú Sonraí[37] chun bonn agus taca a chur faoi chomhairle eolaíochta. Mar a chuirtear i dtábhacht i dTeachtaireacht 2023 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[38], tá

---

[35] Chomhaontaigh roinnt Ballstát a bheith rannpháirteach i dtionscadal píolótach cianfhaireacháin leictreonaigh arna chomhordú ag an gGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach chun dea-chleachtas maidir le rialuithe cianfhaireacháin leictreonaigh a fhoghlaim (soitheach amháin nó dhá shoitheach in aghaidh an Bhallstáit). Úsáideann an Danmhairg an cianfhaireachán leictreonach ar an gcabhlach chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath a oibríonn in Kattegat agus tá scéim iascaigh lándoiciméadaithe á déanamh ag an Ísiltír ar roinnt soithí sa Mhuir Thuaidh. Níl ceachtar den dá thionscadal á n-úsáid chun críoch rialaithe agus forfheidhmithe.

[36] Rialachán (AE) 2023/2842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2016/1139, (AE) 2017/2403 agus (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach (IO L, 2023/2842, 20.12.2023).

[37] Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, An Comhbheartas Iascaigh inniu agus amárach: Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan i dtreo bainistiú iascaigh atá inbhuanaithe, eolaíochtbhunaithe, nuálach agus cuimsitheach, COM/2023/103 final.

cruinneas sonraí fíor-riachtanach freisin le haghaidh na meastóireachtaí lena gcuidítear leis an gCoimisiún a chinneadh ar cheart leanúint de ghníomhaíocht an Aontais nó ar cheart í a choigeartú.

Ceanglaítear leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír freisin go mbeidh 'doiciméadú cruinn, sonraithe ann faoi na turais' uile[39] agus go ndéanfar gabhálacha 'a chomhaireamh faoi na cuótaí i gcás inarb infheidhme'[40]. Tá meá agus clárú na ngabhálacha a thugtar i dtír ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh na gcuótaí agus tá siad ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an mbainistiú iascaigh. Léirítear sna fíoruithe a rinne an Coimisiún thar roinnt blianta nach n-áirithíonn na Ballstáit i gcónaí go ndéantar gabhálacha a mheá i gcomhréir le rialacha an Aontais agus gur minic a dhéantar míthuairisciú suntasach ar na cainníochtaí iarbhír a thugtar i dtír.

Tá iarrachtaí á ndéanamh ag na páirtithe leasmhara chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Tá ceachtanna luachmhara cruthaithe ag tionscadail taighde agus comhar idir eolaithe agus iascairí maidir le modhanna agus trealamh iascaireachta níos roghnaí, agus maidir le hábhar muirí aischurtha a bhainistiú faoi na rialacha maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh **(CEMI)** agus **CEMID**, soláthraítear tacaíocht airgeadais chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme, le ráta ard cabhrach poiblí. Ag deireadh 2023[41], bhí 302 oibríocht roghnaithe ag na Ballstáit le cistiú iomlán CEMID de EUR 58.2 milliún don oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Bhí sé d'aidhm ag formhór na n-oibríochtaí breisluach nó cáilíocht na ngabhálacha de thaisme a mhéadú[42], tionchar na hiascaireachta ar an muirthimpeallacht a laghdú agus deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha[43].

D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh, tá i bhfad níos mó ag teastáil chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme, 5 bliana tar éis di teacht i bhfeidhm ina hiomláine. I mí Eanáir 2024, sheol an Coimisiún staidéar atá mar bhonn taca leis an meastóireacht ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Leis an staidéar, baileofar fianaise le haghaidh measúnú ar an gcaoi ar fheidhmigh an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, agus ar an bhfáth a bhfeidhmíonn sí ar an gcaoi sin.

## 6. Na príomhtheachtaireachtaí agus na príomh-threoshuíomhanna i ndáil le tograí i dtaca le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024

### 6.1. Na príomhchéimeanna chun na chéad deiseanna iascaireachta eile a shocrú

Agus a thograí maidir le deiseanna iascaireachta 2025 á n-ullmhú aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh torthaí an bhreithiúnais a d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais an 11 Eanáir 2024 i

[39] Airteagal 15(13) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
[40] Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
[41] Tuarascáil CEMID 2023 ar chur chun feidhme, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, foilseofar í ina dhiaidh seo.
[42] Airteagal 42 de Rialachán CEMI.
[43] Airteagail 38 agus 39 de Rialachán CEMI.

gCás C-330/22.[44] Tarraingeoidh sé a thograí freisin ar an gcomhairle eolaíochta arna heisiúint ag ICES agus CETEI, lena n-áirítear breithnithe éiceachórais i gcás ina gcuirtear ar fáil iad i gcomhairle eolaíochta, na cinntí a glacadh le linn caibidlíocht idirnáisiúnta le tríú tíortha, cinntí arna ndéanamh ag ERBInna agus ar anailís shocheacnamaíoch, chomh maith le teacht i bhfeidhm chéim bhuan Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar ó mhí Eanáir 2025.

Cumhdóidh an Coimisiún a mhéid stoc agus is féidir sna tograí uaidh faoi réir comhairle eolaíochta a bheith ar fáil agus faoi réir thráthúlacht na comhairle eolaíochta.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara measúnú a dhéanamh ar an gcomhairle eolaíochta a luaithe a bheidh sí ar fáil go poiblí. Is féidir leis na páirtithe leasmhara aiseolas a sholáthar nó moltaí a dhéanamh trí Chomhairlí Comhairleacha, údaráis náisiúnta agus ina n-aonar chuig an gCoimisiún.

Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin éagsúla leis an Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus le stáit chósta eile ag tosú i mí Dheireadh Fómhair. Is é an aidhm atá ann an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích in am chun toradh na gcomhairliúchán a chomhtháthú i bpléití na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí na Nollag 2024.

Chomh maith le deiseanna iascaireachta a shocrú, oibreoidh an Coimisiún i gcaitheamh na bliana chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le socruithe roinnte le haghaidh stoic a dháiltear go forleathan le tríú tíortha nach bhfuil socruithe den sórt sin acu, chun a áirithiú go ndéantar iascaireacht ar stoic chomhroinnte ar bhealach inbhuanaithe.

### 6.2.Deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh imchuacha farraige éagsúla

Maidir le stoic arna mbainistiú ag an Aontas amháin i **Muir Bhailt, in Skagerrak/Kattegat agus san Atlantach**, molfaidh an Coimisiún TACanna agus cuótaí i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe nuair a bheidh an chomhairle sin ar fáil ina leith. I gcás ina soláthraítear le pleananna bainistíochta solúbthacht i ndáil le teorainneacha gabhála a shocrú, féadfaidh an Coimisiún a mholadh go n-úsáidfí raon uasta na huastáirgeachta inbhuanaithe maidir le stoic shláintiúla, ar choinníoll go meastar, bunaithe ar an gcomhairle eolaíochta, gur gá sin chun na cuspóirí faoi na pleananna ilbhliantúla a bhaint amach, go háirithe le haghaidh iascach measctha. I gcás ina bhfuil laghdú chomh mór sin tagtha ar an mbithmhais go bhfuil sí faoi bhun teorainneacha bitheolaíocha sábháilte, molann an Coimisiún na stoic a athbhunú agus bearta feabhais a chur san áireamh, i gcomhréir le gach plean ilbhliantúil. Díreoidh sé gníomhaíocht ar chomhairle iomlán maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a fháil le haghaidh príomhstoic eile a luaithe is féidir.

Bainfidh an Coimisiún na díolúintí *de minimis* nó ard-inmharthanachta as comhairle ICES i gcás inarb iomchuí. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar an dul chun cinn atá

[44] Breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Friends of the Irish Environment (Possibilités de pêche supérieures à zéro),* C-330/22, EU:C:2024:19. Rialaítear leis an mbreithiúnas bailíocht Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, arna léamh in éineacht le hAirteagail 9, 10, 15 agus 16 de Rialachán 1380/2013 agus Airteagail 1 go 5, 8 agus 10 de Rialachán (AE) 2019/472.

déanta ag na Ballstáit maidir le bearta laghdaithe foghabhála atá ann faoi láthair a chur chun feidhme, ar bearta iad a glacadh in éineacht le TACanna le haghaidh foghabhálacha dosheachanta amháin chun cásanna tachta a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú.

Leanfaidh an Coimisiún, i gcás inar féidir, de bheith ag bogadh chuig córas TACanna ilbhliantúla le haghaidh stoic an Aontais amháin. Maidir le dhá stoc de chuid an Aontais amháin, socraíodh TACanna ilbhliantúla le haghaidh 2024 agus 2025. Leis sin, méadófar an éifeachtúlacht agus an intuarthacht le haghaidh thionscal iascaireachta an Aontais maidir le stoic arna roghnú i ndlúthchomhairliúchán leis na Ballstáit, leis na páirtithe leasmhara agus le ICES. Iarrtar ar na Ballstáit na stoic tosaíochta a liostú, ar stoic iad a bhfuil TACanna 2 bhliain á moladh acu ina leith. Tar éis measúnú a dhéanamh, iarrfaidh an Coimisiún ar ICES measúnú a dhéanamh ar na stoic a sainaithníodh:

i. in aghaidh chritéir chomhairle ilbhliantúil ICES;
ii. i dtéarmaí indéantacht na comhairle ilbhliantúla; agus
iii. i dtéarmaí na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhairle ilbhliantúil sin.

I gcás stoic chomhroinnte a bhainistítear leis an **Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus le Stáit chósta eile,** leanfaidh an tAontas an cur chuige céanna agus a leantar i gcás stoic de chuid an Aontais amháin. Bunóidh sé a sheasamh ar an gcomhairle eolaíochta is fearr dá bhfuil ar fáil, agus é mar chuspóir aige deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir le leibhéil na huastáirgeachta inbhuanaithe agus idirbheartaíocht a dhéanamh leis an Ríocht Aontaithe, leis an Iorua agus le Stáit chósta eile, i gcás inarb ábhartha, maidir le bearta caomhnúcháin. Leanfaidh Comhairle an Aontais Eorpaigh de bheith ag comhoibriú leis an Ríocht Aontaithe maidir leis na gealltanais chomhpháirteacha idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a tugadh sa Choiste Speisialaithe um Iascach agus leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua chun na gealltanais thríthaobhacha a tugadh a thabhairt i gcrích chun iascaireacht inbhuanaithe agus bainistiú stoc comhroinnte a bhaint amach. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí socruithe comhroinnte inbhuanaithe, cothroma agus cuimsitheacha a aimsiú le haghaidh stoic a dháiltear go forleathan agus a bhainistítear i gcomhpháirt le Stáit chósta eile.

I gcás na **Meánmhara agus na Mara Duibhe**, tá sé ríthábhachtach go mbainfidh na Ballstáit na cuspóirí amach, cuspóirí a leagtar amach i bplean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar de chuid an Aontais agus i bpleananna CGIM i gcomhréir le Straitéis 2030. Molann an Coimisiún do na Ballstáit bearta tionlacain faoi chláir CEMID a chur chun feidhme. An 1 Eanáir 2025, tiocfaidh deireadh le céim idirthréimhseach Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar de chuid an Aontais, agus déanfar an plean a chur isteach i gcéim iomlán an chur chun feidhme. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaí na raonta $F_{MSY}$ sa phlean ilbhliantúil a úsáid, má tá na stoic os cionn na bpointí tagartha réamhchúraim, chun bearta solúbtha a chur i bhfeidhm maidir le hiascach measctha. Ba cheart go n-áireofaí sa togra maidir le deiseanna iascaireachta na huirlisí bainistíochta atá ar fáil, raonta $F_{MSY}$ agus an sásra cúitimh chun feabhas a chur ar roghnaíocht trealaimh agus ar iaimh limistéir. Déanann CETEI meastóireacht bhliantúil ar an dul chun cinn atá déanta gach bliain maidir le cur chun feidhme an phlean ilbhliantúil. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún obair i ndáil le gach gné den inbhuanaitheacht d'fhonn

tuairisciú a dhéanamh i mí Iúil 2024 ar an tionchar atá ag Plean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar ar na stoic agus ar an iascach lena mbaineann.

Is gá **stoic chomhroinnte a bhainistiú** freisin chun iascaireacht inbhuanaithe a áirithiú in uiscí idirnáisiúnta agus cothroime iomaíochta a bhaint amach sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. Chuige sin, cumhdófar leis an togra maidir le deiseanna iascaireachta in 2025 bearta CGIM atá ann faoi láthair agus bearta breise atá le glacadh ag seisiún bliantúil CGIM i mí na Samhna, lena n-áirítear bearta tábhachtacha chun pleananna ilbhliantúla maidir le speicis pheiligeacha bheaga Mhuir Aidriad agus speicis ghrinnill, bearta fadtéarmacha le haghaidh na heascainne Eorpaí agus le haghaidh coiréalach dearg a chur chun feidhme. Maidir le speicis na Mara Duibhe, molfaidh an Coimisiún TACanna agus cuótaí le haghaidh an turbaird agus an tsaláin i gcomhréir leis na bearta atá le glacadh ag seisiún bliantúil CGIM, bunaithe ar thorthaí staidéir phíolótacha agus chláir thaighde CGIM.

Ní mór leanúint den dul chun cinn sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh agus dlús a chur leis, ag cur le torthaí chomhdháil ardleibhéil CGIM i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus le torthaí Fhóram Éisc 2024. Tá gá le fócas níos mó ag Cruinniú Mullaigh CGIM/FAO maidir leis an iascach ar mionscála (Iúil 2024) agus ag an gComhdháil Réigiúnach um Dhobharshaothrú (Nollaig 2024). Garspriocanna tábhachtacha a bheidh iontu sin sa phróiseas chun an chéad dearbhú Aireachta MedFish4Ever eile a ullmhú don chéad Chomhdháil Aireachta eile in 2026. Ní mór do na Ballstáit uile leanúint de ghníomhaíocht a dhéanamh chun éisc inbhuanaithe a bhaint amach ós rud é gurb é sin is bonn le hearnáil iascaireachta athléimneach, agus chun na héiceachórais sna himchuacha farraige sin a chosaint.

Tá géarghá le cosaint na **heascainne Eorpaí** a fheabhsú. Chomh maith le dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme dheiseanna iascaireachta 2024 agus measúnú a dhéanamh ar na bearta le haghaidh 2025 le haghaidh uiscí mara, iarrann an Coimisiún arís ar na Ballstáit faoi phlean gníomhaíochta muirí an Aontais a bpleananna bainistíochta eascann a thabhairt cothrom le dáta faoin Rialachán maidir leis an Eascann[45], i gcomhréir lena n-oibleagáidí dlíthiúla faoi dhlí comhshaoil an Aontais. Tá sé tábhachtach dlús a chur le bearta in uiscí intíre chun cothroime iomaíochta a chruthú ós rud é gur ard ráta básmhaireachta na n-eascann in uiscí intíre agus go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach feabhais ina leith. Chun an t-idirphlé agus an próiseas sin a éascú, d'eagraigh an Coimisiún ceardlann theicniúil maidir le bainistiú eascann an 24 Aibreán 2024 i gcomhthéacs an phlean gníomhaíochta muirí. Tá CGIM ag obair faoi láthair ar bhearta fadtéarmacha le haghaidh na heascainne Eorpaí amach anseo lena gcumhdófar gach gnáthóg, lena n-áirítear uiscí intíre.

## 7. CONCLÚID

Tháinig feabhas breise ar inbhuanaitheacht fhoriomlán iascach an Aontais in 2023, a bhuí le gníomhaíocht leanúnach. Is amhlaidh atá go háirithe in uiscí an Aontais san Atlantach. Mar sin féin, is cúis mhór imní i gcónaí í an staid i Muir Bhailt ós rud é go bhfuil laghdú ag teacht i gcónaí ar dhaonraí na stoc tráchtála a bhí tábhachtach roimhe seo mar gheall ar an iliomad

[45] Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athbhunú.

foinsí brú. I gcás na Meánmhara agus na Mara Duibhe, in ainneoin feabhsuithe a rinneadh le déanaí ar staid roinnt stoc, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta agus le tiomantas níos mó chun dul i ngleic leis an gcás sin.

Bíonn tionchar ag an athrú aeráide ar ghníomhaíochtaí an duine agus ar dhéine na mbrúnna chomh maith leis na naisc eatarthu. Chun dul i ngleic leis an mbrú ar stoic éisc, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit reachtaíocht an Aontais chun feidhme ina hiomláine agus go ndéanfaidh na páirtithe leasmhara uile gníomhaíocht chomhbheartaithe chun an brú ar stoic éisc a laghdú. Tá an tAontas ag dul i ngleic leis an truailliú muirí trí roinnt tionscnaimh reachtacha agus bheartais faoi chreat leathan an phlean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach[46].

Leis na tograí ón gCoimisiún maidir le deiseanna iascaireachta in 2025, féachfar lena chur ar a gcumas do na stoic athbhunú a dhéanamh, leis na stoic éisc a bhfuil leibhéil inbhuanaithe bainte amach acu a chomhdhlúthú agus le borradh a chur faoi athléimneacht iascairí.

Tá earnáil iascaigh rathúil ríthábhachtach chun pobail chósta na hEorpa a chaomhnú agus chun an t-aistriú chuig córais bhia níos inbhuanaithe a bhainistiú. Mar a luaitear i bpacáiste an Iascaigh agus na nAigéan, tá sé fíorthábhachtach gealltanas comhpháirteach a dhéanamh chun ár limistéir mhuirí agus ár n-iascach Eorpach a chur in oiriúint don todhchaí.

Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, ar Chomhairlí Comhairleacha, ar na páirtithe leasmhara agus ar an bpobal aiseolas a thabhairt maidir leis an Teachtaireacht seo faoin 31 Lúnasa 2024.

[46] Áirítear orthu sin teorainneacha a shocrú don bhruscar muirí, don torann faoi uisce, do chothaithigh agus d'éilleáin faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus bearta cur chun feidhme chun iad a bhaint amach. Féach COM/2021/400 final.

**AN SCEIDEAL OIBRE ATÁ BEARTAITHE**[47]

| Cathain | Céard |
|---|---|
| Mí na Bealtaine - Mí na Samhna 2024 | Comhairle eolaíochta ó ICES |
| Mí an Mheithimh-deireadh mhí Lúnasa 2024 | Comhairliúchán poiblí maidir leis an Teachtaireacht |
| Deireadh mhí Lúnasa 2024 | Glacfaidh an Coimisiún an togra maidir le deiseanna iascaireachta i Muir Bhailt |
| Lár mhí Mheán Fómhair 2024 | Glacfaidh an Coimisiún an togra maidir le deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh |
| Mí Dheireadh Fómhair - Mí na Nollag 2024 | Comhairliúcháin bhliantúla maidir le deiseanna iascaireachta leis na páirtithe san Atlantach Thoir Thuaidh |
| Mí Dheireadh Fómhair 2024 | Cruinniú den Chomhairle maidir le deiseanna iascaireachta do Mhuir Bhailt<br>Comhairliúcháin na stát cósta maidir le stoic a dháiltear go forleathan san Atlantach Thoir Thuaidh |
| Deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024 | Glacfaidh an Coimisiún an togra maidir le deiseanna iascaireachta san Atlantach/sa Mhuir Thuaidh |
| 4-8 Samhain 2024 | Seisiún bliantúil CGIM |
| 12-15 Samhain 2024 | Cruinniú bliantúil an Choimisiúin um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh |
| 1 Nollaig 2024 | Measúnú stoc CETEI agus comhairle bainistíochta |
| Mí na Nollag 2024 | Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta san Atlantach/sa Mhuir Thuaidh<br>Cruinniú den Chomhairle i dtaca le deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh |

[47] Maidir le stoic arna mbainistiú ag ERBInna in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach bhfuil san Aontas, glactar na deiseanna iascaireachta tar éis chruinniú bliantúil ERBInna trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta.